

Fios Fise

Painéal Lucht Féachana TG4 &

Painéal Lucht Éisteachta RTÉ Raidió na Gaeltachta

Ceisteanna Coitianta FAQ

1. Cén uair a mbeidh an Dialann Féachana (suirbhé beag) le líonadh agam?

Scaiptear an Dialann uair sa tseachtain, timpeall meán lae gach Luan de ghnáth.

2. Cén chaoi a mbeidh fáil agam ar an Dialann?

Sa ríomhphost a seoltar chuig na baill gach Luan bíonn nasc sa ríomhphost trína mbíonn teacht ag na baill ar an Dialann. Is trí bhrabhsálaí, e.g. Internet Explorer, Mozilla Firefox, Chrome etc. a líontar an Dialann. Is féidir an suirbhé a líonadh ar do ríomhaire, ar d'fhón póca, iPad etc. trí nasc a seoltar chugat i do ríomhphost. NÓ:

Sa ríomhphost a seoltar chuig na baill gach Luan bíonn nasc chuig an Dialann. Cliceáil an nasc agus osclóidh an Dialann i mbrabhsálaí (mar shampla *Internet Explorer, Mozilla Firefox, Chrome* nó cibé ceann atá agat).

Líonfaidh tú an Dialann ansin. Is féidir é seo a dhéanamh ar ríomhaire nó ar fhón póca nó ar iPad agus araile.

3. Cén mhéad ama a thógann sé an Dialann a líonadh gach seachtain?

Tógann sé cúpla nóiméad ar meán an Dialann a líonadh.

4. An mbeidh orm an Dialann a líonadh gach seachtain?

Ní gá an Dialann a líonadh gach seachtain ach má líonann na baill an Dialann go rialta cabhraíonn sé go mór le caighdeán an aiseolais agus le rath an tionscadail.

5. Cén cineál ceisteanna a bhíonn sa Dialann?

Ceisteanna ilrogha, mar atá léirithe sa sampla thíos, formhór na gceisteanna atá sa Dialann. Bíonn na ceisteanna dírithe ar sceidil na gcraoltóirí. Freagraítear na ceisteanna seo trí tic ✓ a chur le hais do rogha freagra.

An bhfaca tú an clár an tseachtain seo caite agus má chonaic, ar bhain tú sult as?

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Nuacht TG4

Bhain

Níor bhain

Gan Tuairim

Ní fhaca mé é

6. An mbeidh orm féachaint ar TG4 agus éisteacht le RTÉ Raidió na Gaeltachta níos minice de bharr mé a bheith páirteach i Fios Físe?

Ní hí an aidhm atá ag Fios Físe go mbreathnóidh baill an Phainéil ar TG4 níos minice ná go n-éisteoidh na baill le RTÉ Raidió na Gaeltachta níos minice de bharr gur baill iad den tionscadal. Is í an phríomhaidhm atá ag Fios Físe ná léargas beacht a fháil ar ghnáthphatrúin fhéachana agus éisteachta Phobal Labhartha na Gaeilge.

7. Ní bhreathnaím ach ar fhíorbheagán teilifíse agus ní éistím ach le fíorbheagán raidió, mar sin, an fiú dom a bheith páirteach i Fios Físe?

Is fiú a bheith páirteach go cinnte. Mar a luadh thuas tá sé mar aidhm ag Fios Físe léargas a fháil ar na patrúin fhéachana agus éisteachta nádúrtha atá ag Pobal Labhartha na Gaeilge trí chéile. Dá réir sin tá sé tábhachtach go mbeadh meascán maith de bhaill le patrúin fhéachana agus éisteachta éagsúla páirteach.

8. Cén fhad a gcaithfidh ball fanacht ar an bPainéal Lucht Féachana?

Níl aon tréimhse ar leith ann a gcaithfidh ball fanacht ar Phainéal Fios Físe- is féidir le baill imeacht den Phainéal aon uair is mian leo trí theachtaireacht a sheoladh chuig eolas@fiosfise.ie Nuair a imíonn ball den Phainéal baintear a gcuid sonraí uile den chóras.

9. Céard atá i gceist le Scéim Dhílseachta na mball?

Reáchtálann Fios Físe Crannchur gach mí do na baill a líonann na Dialanna go rialta. Bíonn deis ag na baill sin ceann de 6 Dhearbhán One4all ar luach €100/€500 a bhuachan.

10. Cén úsáid a bhaintear as aiseolas agus tuairimí na mball faoi sceidil TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta?

Beidh an t-aiseolas an-luachmhar don dá chraoltóir le léargas a thabhairt dóibh ar thuairimí phobal labhartha na Gaeilge faoi na sceidil agus gheobhaidh na craoltóirí tuiscint ar bhealaí le freastal níos fearr a dhéanamh ar an spriocphobal sin.

Cosaint Sonraí

Ní roinnfear sonraí pearsanta bhail an phainéil le haon tríú páirtí. Ní bheidh do shonraí pearsanta le feiceáil ach an oiread ar aon tuairiscí a eascróidh ón eolas a bheidh sna dialanna féachana agus éisteachta a sheolfar ar ais. Stórálfar do chuid sonraí go sábháilte faoi réir na rialacháin chuí maidir le cosaint sonraí; Rialacháin Ginearálta Cosanta Sonraí (GDPR) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1988 agus 2003).